Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15890/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0369(COD)**

**COMPET 1164**
**BETREG 36**
**ENT 249**
**MI 1029**
**AGRI 730**
**FOOD 90**
**SAN 692**
**DENLEG 60**
**SOC 821**
**CODEC 2238**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 639 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha 1999/2/CE, 2000/14/CE, 2011/24/AE agus 2014/53/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí an bhia agus comhábhar bia, torainn lasmuigh, ceart othar, agus trealaimh raidió |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 639 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 639 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.10.2023
COM(2023) 639 final

2023/0369 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoracha 1999/2/CE, 2000/14/CE, 2011/24/AE agus 2014/53/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí an bhia agus comhábhar bia, torainn lasmuigh, ceart othar, agus trealaimh raidió**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais Eorpaigh: níos faide ar aghaidh ná 2030'[1], leag sé béim ar an tábhacht a bhaineann le córas rialála lena n-áirithítear go mbaintear cuspóirí amach ar an gcostas is ísle. Dá bhrí sin, tá gealltanas tugtha aige iarracht nua a dhéanamh na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú agus a shimpliú, agus é ina aidhm ar deireadh na ceanglais sin a laghdú faoi 25 %, gan an bhonn a bhaint de chuspóirí beartais gaolmhara.

Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe chun forfheidhmiú ceart na reachtaíochta agus faireachán cuí ar an reachtaíocht a áirithiú. Ar an iomlán, déantar a gcostais a chúiteamh tríd an tairbhe a bhaineann leo, go háirithe maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na bpríomhbheart agus comhlíonadh na bpríomhbheart sin a áirithiú. Le ceanglais tuairiscithe, áfach, d'fhéadfaí ualach díréireach a chur ar pháirtithe leasmhara, ualach a bhaineann go háirithe le FBManna agus le micreachuideachtaí. Is féidir le carnadh na gceanglas sin le himeacht ama a bheith ina chúis le hoibleagáidí iomarcacha, oibleagáidí dúblála nó oibleagáidí atá imithe i léig, minicíocht agus uainiú neamhéifeachtúil, nó modhanna bailiúcháin neamhleora.

Dá bhrí sin, tugtar tús áite d'oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú agus d'ualach riaracháin a laghdú. Sa chomhthéacs sin, is é is aidhm don togra seo tionscnaimh a shimpliú, ar tionscnaimh iad a chuimsítear sa phríomh-uaillmhian 'Geilleagar a Fhóireann do Dhaoine' 'Comhaontú Glas don Eoraip' agus 'Ár nDóigh Bheatha Eorpach a chur chun cinn' i réimse beartais an Mhargaidh Inmheánaigh, na Sábháilteachta agus na Sláinte Bia agus tionchar a imirt ar thionscal/earnálacha an trealaimh lasmuigh agus ar an trealamh raidió chomh maith le hearnálacha a bhaineann le bia a chóireáiltear le radaíocht ianúcháin agus ar chúram sláinte trasteorann.

Is é is aidhm don togra na hoibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú trí mheascán beart:

– I gcás Threoir 1999/2/CE maidir le bia agus comhábhair bia arna gcóireáil le radaíocht ianúcháin[2], agus i gcás Threoir 2000/14/CE maidir le hastú torainn ó threalamh lasmuigh)[3], is é is aidhm don togra seo deireadh a chur le hoibleagáidí tuairiscithe nach bhfuil gá leo;

– I gcás Threoir 2014/53/AE maidir le trealamh raidió[4], is é is aidhm don togra seo minicíocht oibleagáid tuairiscithe na mBallstát a laghdú;

---

[1] COM(2023)168.

[2] Treoir 1999/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Feabhra 1999 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bia agus comhábhair bhia arna gcóireáil le radaíocht ianúcháin (IO L 66, 13.3.1999, lch. 16).

[3] Treoir 2000/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i ndáil le hastaíocht torainn sa chomhshaol ó threalamh lena úsáid lasmuigh (IO 162, 3.7.2000, lch. 1).

[4] Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62).

– I gcás Threoir 2011/24/AE maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm[5], is é is aidhm don togra seo minicíocht na hoibleagáide tuairiscithe a laghdú.

Maidir le Treoir 1999/2/CE, baineann an oibleagáid tuairiscithe leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún araon. Déantar foráil le hAirteagal 7(3) de Threoir 1999/2/CE go dtuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún gach bliain torthaí na rialuithe oifigiúla a dhéanann siad ar shaoráidí ionradaíochta bia agus ar bhia ionradaithe a chuirtear ar an margadh. In Airteagal 7(4) den Treoir sin, déantar foráil go bhfoilseoidh an Coimisiún tuarascáil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta gach bliain.

Is iomarcach iad na hoibleagáidí tuairiscithe sin anois, toisc go ndéantar oibleagáidí tuairiscithe bliantúla d'údaráis inniúla na mBallstát agus don Choimisiún a leagan síos freisin in Airteagal 113 agus in Airteagal 114 de Rialachán (AE) 2017/625[6]. Is leor na hoibleagáidí sin chun forfheidhmiú a áirithiú agus chun faireachán ar éifeachtachtúlacht na reachtaíochta a éascú. Dá bhrí sin, déantar foráil leis an togra go scriosfar na hoibleagáidí tuairiscithe comhchosúla a leagtar síos faoi láthair in Airteagal 7(3) agus (4) de Threoir 1999/2/CE.

Maidir le Treoir 2000/14/CE, baineann na ceanglais tuairiscithe sin le cuideachtaí agus le húdaráis phoiblí araon. Go deimhin, déantar foráil le hAirteagal 16 de Threoir 2000/14/CE go ndéanfaidh monaróirí, nó a n-ionadaithe údaraithe, cóip de dhearbhú comhréireachta CE maidir le trealamh a chumhdaítear leis an Treoir sin a sheoladh chuig údaráis na mBallstát agus chuig an gCoimisiún. Tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún ansin na sonraí a bhailiú agus an fhaisnéis ábhartha a fhoilsiú go tréimhsiúil. De réir aithris (14) de Threoir 2000/14/CE, ba é ceann de na príomhúdair a bhí leis an oibleagáid tuairiscithe sin foráil a dhéanamh maidir le 'bonn do rogha eolasach tomhaltóirí'. Is cosúil, áfach, go gcruthaítear leis an oibleagáid tuairiscithe sin ualach riaracháin nach bhfuil gá leis i ndáil leis sin, ós rud é go gcuirtear tomhaltóirí ar an eolas cheana faoin leibhéal astaíochtaí torainn tríd an marcáil éigeantach torainn a ghreamaítear den trealamh go léir a chumhdaítear leis an Treoir sin.

Cuirtear tomhaltóirí ar an eolas freisin maidir le hastaíocht torainn an trealaimh shonraigh trí na treoracha úsáide le haghaidh meaisíní atá faoi raon feidhme Threoir 2006/42/CE[7] maidir le hinnealra agus Rialachán (AE) 2023/1230[8] ina dhiaidh sin, toisc go gcumhdaítear leis na píosaí reachtaíochta sin 55 de na 57 gcatagóir trealaimh a thagann faoi raon feidhme Threoir 2000/14/CE.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe Airteagal 16 de Threoir 2000/14/CE a scriosadh.

Maidir le Treoir 2011/24/AE, baineann an oibleagáid tuairiscithe leis an gCoimisiún. Mar sin féin, baineann sé go hindíreach leis na Ballstáit freisin, toisc go mbraitheann an tuairisciú a dhéanann an Coimisiún den chuid is mó ar rannchuidiú na mBallstát maidir leis an dóigh a bhfuil an Treoir á cur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta.

5 Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm (IO L 88, 4.4.2011, lch. 45).

6 Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

7 Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (IO L 157, 9.6.2006, lch. 24).

8 Rialachán (AE) 2023/1230 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2023 maidir le hinnealra agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 73/361/CEE ón gComhairle (IO L 165, 29.6.2023, lch. 1).

Déantar foráil le hAirteagal 20(1) de Threoir 2011/24/AE go ndéanfaidh an Coimisiún tuarascáil a tharraingt suas ar fheidhmiú na Treorach faoin 25 Deireadh Fómhair 2015 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, agus í a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle. Déanfar meastóireacht ar na Líonraí Tagartha Eorpacha arna mbunú faoi Threoir 2011/24/AE gach 5 bliana i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena leagtar amach critéir chun Líonraí Tagartha Eorpacha a bhunú agus a mheas[9].

Tá an mheastóireacht ar fheidhmiú agus ar oibríochtaí na Líonraí Tagartha Eorpacha uile ina cuid lárnach d'ábhar na dtuarascálacha ar fheidhmiú Threoir 2011/24/AE. Dá bhrí sin, tá minicíocht an tuairiscithe atá ann cheana díréireach agus níl breisluach ag baint leis in éagmais meastóireacht chomhthreomhar ar na Líonraí Tagartha Eorpacha. Ina theannta sin, an tréimhse tuairiscithe 3 bliana atá ann cheana, ní leor í i ndáiríre don Choimisiún agus do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na gníomhaíochtaí leantacha uile a bhfuil coinne leo. Ina theannta sin, dá ndéanfaí an dá phróiseas (tuairisciú ar fheidhmiú na Treorach agus meastóireacht a dhéanamh ar na Líonraí Tagartha Eorpacha) a ailíniú, d'fhéadfaí sineirgí idir an tuarascáil agus an mheastóireacht a áirithiú. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe a fhoráil go ndéanfar an tuairisciú ar fheidhmiú Threoir 2011/24/AE gach 5 bliana.

Maidir le Treoir 2014/53/AE, is leis na Ballstáit a bhaineann an oibleagáid tuairiscithe lena mbaineann.

Go deimhin, déantar foráil le hAirteagal 47(1) de Threoir 2014/53/AE go gcuirfidh na Ballstáit tuarascáil ar chur i bhfeidhm na Treorach faoi bhráid an Choimisiúin, gach 2 bhliain, tuarascáil ina mbeidh cur i láthair ar na gníomhaíochtaí faireachais margaidh arna ndéanamh ag na Ballstáit agus ina sonrófar ar baineadh amach ceanglais na Treorach sin. Ní thagann minicíocht na hoibleagáide sin atá ann cheana leis an oibleagáid tuairiscithe ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle a dhéantar gach 5 bliana.

Sa mheon sin, tá sé beartaithe minicíocht oibleagáid tuairiscithe na mBallstát a laghdú go dtí gach 5 bliana.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra ina chuid den chéad phacáiste beart chun na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú. Is céim é sin i bpróiseas leanúnach ina mbreathnaítear go cuimsitheach ar na riachtanais tuairiscithe atá ann cheana, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a n-ábharthacht leanúnach agus iad a dhéanamh níos éifeachtúla.

Leis an gcuíchóiriú a thugtar isteach leis na bearta sin, ní dhéanfar difear do bhaint amach na gcuspóirí sa réimse beartais, ar na cúiseanna seo a leanas:

Maidir le Treoracha 1999/2/CE agus 2000/14/CE, leis na ceanglais tuairiscithe a bhfuil sé beartaithe iad a bhaint de na Treoracha, ní sholáthraítear aon bhreisluach a thuilleadh don Aontas ná d'fheidhmiú an mhargaidh aonair.

Coinneofar ar bun an oibleagáid tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmiú Threoir 2011/24/AE, ach bheadh an mhinicíocht tuairiscithe ag teacht leis an meastóireacht thréimhsiúil ar na Líonraí Tagartha Eorpacha, atá ríthábhachtach i gcur chun feidhme Threoir 2011/24/AE.

---

[9] Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/287/AE ón gCoimisiún an 10 Márta 2014 lena leagtar amach critéir maidir le bunú agus meastóireacht líonraí tagartha Eorpacha agus a gcuid ball agus maidir le héascaíocht a dhéanamh do mhalartú faisnéise agus saineolais faoi bhunú agus meastóireacht líonraí den sórt sin (IO L 147, 17.5.2014, lch. 79).

Maidir le Treoir 2014/53/AE, is é is aidhm don togra seo minicíocht oibleagáid tuairiscithe na mBallstát a laghdú, ionas go gcomhfhreagróidh sí do mhinicíocht oibleagáid tuairiscithe an Choimisiúin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Faoin gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT), áirithíonn an Coimisiún go bhfuil a reachtaíocht oiriúnach dá feidhm, go bhfuil sí dírithe ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus go n-íoslaghdaítear léi ualaí agus a cuspóirí á mbaint amach an tráth céanna. Dá bhrí sin, tá an togra seo mar chuid de chlár REFIT, agus laghdaíonn sé ualaí tuairiscithe a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais.

Cé go bhfuil ceanglais tuairiscithe áirithe fíor-riachtanach, ní mór iad a bheith chomh héifeachtúil agus is féidir, forluí a sheachaint, ualach neamhriachtanach a bhaint agus réitigh dhigiteacha agus idir-inoibritheacha a úsáid a mhéid is féidir.

Leis na tograí atá ann cheana, déantar na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú, rud a fhágann go mbeidh baint amach chuspóirí na reachtaíochta níos éifeachtúla agus go mbeidh ualach níos lú ar chuideachtaí agus ar údaráis phoiblí.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na bunúis dlí bhunaidh chun na creataí earnála a ghlacadh, arb é is aidhm don togra seo iad a leasú. Is iad na creataí earnála sin Treoir 1999/2/CE maidir le bia agus comhábhair bia arna gcóireáil le radaíocht ianúcháin, Treoir 2000/14/CE a bhaineann le hastú torainn ag trealaimh d'úsáid lasmuigh, Treoir 2011/24/AE maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm agus Treoir 2014/53/AE maidir le trealamh raidió.

Is é is aidhm do Threoir 1999/2/CE maidir le bia agus comhábhair bia arna gcóireáil le radaíocht ianúcháin go bhfeidhmeofar an margadh inmheánaigh go rianúil trí dhifríochtaí idir dlíthe náisiúnta a bhaineann le bia-ábhair a chóireáil trí radaíocht ianúcháin a laghdú. Leagtar amach ann na coinníollacha maidir le monarú, margú, allmhairiú agus lipéadú éigeantach bianna arna gcóireáil le radaíocht ianúcháin, próiseas a úsáidtear chun líon na miocrorgánach pataigineach i mbia a laghdú agus chun a seilfré a mhéadú.

Tugtar 'reachtaíocht um chomhchuibhiú táirgí' ar chreataí earnála an Aontais a leagtar síos i dTreoir 2000/14/CE agus i dTreoir 2014/53/AE. Leagtar síos sa dá Threoir rialacha comhchuibhithe maidir le dearadh, monarú, measúnú comhréireachta agus cur ar an margadh táirgí. Go bunúsach, is éard a thugtar isteach leis na creataí earnála sin i gcás gach earnála/catagóire táirgí na buncheanglais sábháilteachta ba cheart do na táirgí a chomhlíonadh agus na nósanna imeachta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas sin.

Gné eile is coiteann do na creataí sin is ea go bhfuil siad ailínithe go dlúth, a bheag nó a mhór, leis na prionsabail ghinearálta a leagtar síos i gCinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat coiteann i dtaca le táirgí a mhargú[10], lena leagtar síos forálacha tagartha chun reachtaíocht an Aontais a tharraingt suas lena gcomhchuibheofar na coinníollacha maidir le táirgí a mhargú.

[10] Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 i ndáil le creat coiteann maidir le táirgí a mhargú agus lena n- aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.8.2008, lch. 82).

Is é Treoir 2011/24/AE maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann an chéad phíosa de reachtaíocht an Aontais i réimse na seirbhísí cúraim sláinte. Comhlánaítear léi an Rialachán maidir le comhordú na slándála sóisialta a úsáidtear ar bhonn níos forleithne trí dhlí-eolaíocht na Cúirte Breithiúnais a chódú agus trí rialacha níos mionsonraithe agus sistéamacha a leagan síos chun an tsaoirse a thabhairt d'othair cúraim sláinte a roghnú i mBallstát eile agus chun aisíocaíocht a fháil (i bpáirt) as na costais leighis. Ina theannta sin, déantar foráil le Treoir 2011/24/AE, i measc nithe eile, go dtacóidh an Coimisiún leis na Ballstáit Líonraí Tagartha Eorpacha a fhorbairt le haghaidh galair neamhchoitianta.

Tá forálacha den chineál céanna sna píosaí reachtaíochta thuasluaite go léir a ndéantar difear dóibh leis an togra seo, lena bhforchuirtear oibleagáidí atá neamhriachtanach ón am sin i leith. Trí na Treoracha a luaitear a leasú ar an mbealach atá beartaithe, déanfar oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú i ngach ceann de na creataí dlí a ndéantar difear dóibh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Forchuirtear na ceanglais tuairiscithe lena mbaineann le dlí an Aontais agus dá bhrí sin ní féidir iad a leasú ach ar leibhéal an Aontais. Bainfidh na Ballstáit, cuideachtaí agus an Coimisiún leas as cuíchóiriú na gceanglas tuairiscithe is ábhar don togra seo.

- **Coimhdeacht**

Le cuíchóiriú na gceanglas tuairiscithe, déantar an creat dlíthiúil a shimpliú trí na hathruithe is lú a dhéanamh ar na ceanglais atá ann cheana nach ndéanann difear do bhunús an chuspóra beartais níos leithne. Dá bhrí sin, tá an togra teoranta do na hathruithe sin a bhfuil gá leo chun tuairisciú éifeachtúil a áirithiú gan aon cheann de na gnéithe substaintiúla den reachtaíocht lena mbaineann a athrú.

- **An rogha ionstraime**

Is píosaí reachtaíochta comhchuibhithe táirgí iad Treoir 2000/14/CE agus Treoir 2014/53/AE faoi rialacha an Mhargaidh Aonair. In éineacht le Treoracha 1999/2/CE agus 2011/24/AE, tá oibleagáidí iomarcacha nó neamhéifeachtacha tuairiscithe sna píosaí reachtaíochta sin. Dá bhrí sin, ar mhaithe le héifeachtúlacht, is cosúil gurb é togra comhpháirteach maidir le cuíchóiriú na hoibleagáide tuairiscithe i bhfoirm an togra omnibus atá ann faoi láthair an réiteach is oiriúnaí.

Ag féachaint do Threoir 2011/24/AE, go háirithe Airteagal 12(4), pointe (b) agus pointe (c), glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/287/AE[11] ón gCoimisiún lena leagtar amach critéir maidir le bunú agus meastóireacht Líonraí Tagartha Eorpacha. Déantar foráil leis an dá ionstraim maidir le tuairisciú tréimhsiúil agus meastóireachtaí a ullmhóidh an Coimisiún.

Dá bhrí sin, ós rud é go bhfuil torthaí na meastóireachta ar na Líonraí Tagartha Eorpacha ábhartha maidir le feidhmiú na Treorach a thomhas, ar mhaithe le sineirgí a chruthú idir na tuarascálacha agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú don Choimisiún agus do na Ballstáit, meastar go bhfuil ailíniú na tréimhse tuairiscithe maidir le cuíchóiriú na n-oibleagáidí tuairiscithe ina chuid den togra omnibus seo iomchuí agus éifeachtúil.

---

[11] Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/287/AE ón gCoimisiún an 10 Márta 2014 lena leagtar amach critéir maidir le bunú agus meastóireacht Líonraí Tagartha Eorpacha agus a gcuid ball agus maidir le héascaíocht a dhéanamh do mhalartú faisnéise agus saineolais faoi bhunú agus meastóireacht líonraí den sórt sin (IO L 147, 17.5.2014, lch. 79).

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Sainaithníodh na bearta cuíchóirithe atá beartaithe i ndiaidh próiseas grinnscrúdaithe inmheánaigh a dhéanamh ar na hoibleagáidí tuairiscithe atá ann cheana agus bunaithe ar an taithí a fuarthas as an reachtaíocht ghaolmhar a chur chun feidhme. Ós rud é gur céim é sin i bpróiseas an mheasúnaithe leanúnaigh ar cheanglais tuairiscithe a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais, leanfar den ghrinnscrúdú ar ualach den sórt sin agus ar a thionchar ar pháirtithe leasmhara.

- **Measúnú tionchair**

Baineann an togra le hathruithe teoranta agus spriocdhírithe ar an reachtaíocht d'fhonn na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú. Tá siad bunaithe ar thaithí a fuarthas ó reachtaíocht a chur chun feidhme. Ní bhíonn tionchar mór ag na hathruithe ar an mbeartas, agus ní áirithítear leo ach cur chun feidhme níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí. Mar gheall ar chineál spriocdhírithe na n-athruithe agus easpa roghanna beartais ábhartha, ní gá measúnú tionchair a dhéanamh.

- Oiriúnacht rialála agus simpliú

Is togra REFIT é seo arb é is aidhm dó reachtaíocht a shimpliú agus ualaí ar pháirtithe leasmhara a laghdú.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Neamhbhainteach

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

I bhfianaise raon feidhme an togra, níl údar leis ná níl sé comhréireach doiciméid mhíniúcháin a éileamh.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

<u>Maidir le Treoir 1999/2/CE:</u>

Déantar foráil le hAirteagal 7(3) de Threoir 1999/2/CE go dtuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún gach bliain torthaí na rialuithe oifigiúla a dhéanann siad ar shaoráidí ionradaíochta bia agus ar bhia ionradaithe a chuirtear ar an margadh. In Airteagal 7(4) den Treoir sin, déantar foráil go bhfoilseoidh an Coimisiún tuarascáil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta gach bliain.

Is iomarcach iad na hoibleagáidí tuairiscithe sin, toisc go leagtar síos in Airteagal 113 agus in Airteagal 114 de Rialachán (AE) 2017/625 freisin oibleagáidí tuairiscithe bliantúla maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéantar lena áirithiú go gcuirfear dlí an bhia agus na beatha i bhfeidhm agus arb oibleagáidí tuairiscithe bliantúla iad is infheidhme maidir le húdaráis inniúla na mBallstát agus leis an gCoimisiún. Is leor na hoibleagáidí sin chun forfheidhmiú a áirithiú agus chun faireachán ar éifeachtachtúlacht reachtaíocht an Aontais maidir le hionradaíocht bia a éascú. Dá bhrí sin, déantar foráil leis an togra go scriosfar na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar síos faoi láthair in Airteagal 7(3) agus (4) de Threoir 1999/2/CE maidir le torthaí na rialuithe oifigiúla a dhéanann saoráidí ionradaíochta bia nó ar bhia ionradaithe a chuirtear ar an margadh.

<u>Maidir le Treoir 2000/14/CE:</u>

Déantar foráil le hAirteagal 16 den Treoir maidir le hoibleagáid ar mhonaróirí, nó ar a n-ionadaithe údaraithe, cóip de dhearbhú comhréireachta CE maidir lena dtáirgí a sheoladh chuig na Ballstáit agus chuig an gCoimisiún. Tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún ansin na sonraí a fuarthas a bhailiú agus an fhaisnéis ábhartha a fhoilsiú go tréimhsiúil.

Mar a tugadh le fios sa mheastóireacht ar an Treoir gur cosúil nach bhfuil an oibleagáid tuairiscithe éifeachtach ós rud é, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) den Treoir, go bhfuil sé d'oibleagáid ar na monaróirí marcáil torainn a ghreamú den trealamh a chumhdaítear leis an Treoir sin. Meastar gur leor an mharcáil torainn sin chun faisnéis maidir le leibhéal torainn an trealaimh a sholáthar do thomhaltóirí.

Sa mheon sin, is cosúil gur iomchuí Airteagal 16 a scriosadh, toisc nach bhfuil aon ghá leis an oibleagáid tuairiscithe sin a thuilleadh.

Ós rud é go luaitear Airteagal 16 in Airteagal 20 den Treoir sin, is iomchuí, dá bhrí sin, an tAirteagal sin a leasú dá réir sin.

<u>Maidir le Treoir 2011/24/AE:</u>

Déantar foráil le hAirteagal 20(1) de Threoir 2011/24/AE go ndéanfaidh an Coimisiún tuarascáil a tharraingt suas ar fheidhmiú na Treorach faoin 25 Deireadh Fómhair 2015 agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, agus í a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle. Foilsíodh an tuarascáil dheireanach ar fheidhmiú na Treorach an 12 Bealtaine 2022. De réir na rialacha atá ann faoi láthair, tá an chéad tuarascáil eile den Treoir le bheith réidh faoi 2025.

Déantar meastóireacht ar na Líonraí Tagartha Eorpacha arna mbunú faoi Threoir 2011/24/AE gach 5 bliana mar a fhoráiltear in Airteagal 14(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2014/287/AE. Ós rud é gur bunaíodh na Líonraí Tagartha Eorpacha in 2017, tá meastóireacht á déanamh ag an gCoimisiún ar na Líonraí Tagartha Eorpacha den chéad uair in 2022-2023 agus déanfar an chéad mheastóireacht eile ar na Líonraí Tagartha Eorpacha, i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2014/287/AE, in 2027.

Tríd an dá phróiseas sin a ailíniú (tuairisciú ar fheidhmiú na Treorach agus meastóireacht a dhéanamh ar na Líonraí Tagartha Eorpacha), d'fhéadfaí sineirgí a áirithiú. Dá bhrí sin,

déanfar foráil leis an togra go ndéanfar an tuairisciú ar fheidhmiú Threoir 2011/24/AE gach 5 bliana, ó 2027 ar aghaidh.

Maidir le Treoir 2014/53/AE:

Déantar foráil le hAirteagal 47(1) den Treoir maidir le hoibleagáid ar na Ballstáit tuairisciú don Choimisiún gach 2 bhliain.

Beidh cur i láthair sa tuarascáil ar na gníomhaíochtaí faireachais margaidh arna ndéanamh ag na Ballstáit agus soláthrófar faisnéis inti faoi cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh ceanglais na Treorach sin agus a mhéid a comhlíonadh iad.

Is cosúil go bhfuil minicíocht na hoibleagáide tuairiscithe sin níos airde ná mar is gá. I gcomhréir le hAirteagal 47(2) den Treoir, ní mór don Choimisiún tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gach 5 bliana. Is é is aidhm don togra minicíocht na hoibleagáide tuairiscithe do na Ballstáit a athrú go dtí gach 5 bliana. Ar an dóigh sin, féadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit a úsáid mar dhréacht tagartha don tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Soláthrófar leis sin don Choimisiún freisin an fhaisnéis is gá don mheasúnú atá le déanamh aige agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh aige faoi Airteagal 5(2) de Threoir 2014/53/AE lena sonrófar na catagóirí trealaimh raidió a mbaineann an ceanglas clárúcháin leo agus beidh an Coimisiún ábalta an fhaisnéis ó thuarascálacha na mBallstát a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla

2023/0369 (COD)

Togra le haghaidh

# TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Treoracha 1999/2/CE, 2000/14/CE, 2011/24/AE agus 2014/53/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí an bhia agus comhábhar bia, torainn lasmuigh, ceart othar, agus trealaimh raidió

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint do thogra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe maidir le faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta a áirithiú. Tá sé tábhachtach, áfach, na ceanglais sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir dár beartaíodh iad agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú.

(2) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais Eorpaigh: níos faide ar aghaidh ná 2030'[2], thug an Coimisiún gealltanas na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú agus a shimpliú, agus é ina aidhm ar deireadh ualaí den sórt sin a laghdú 25 %, gan an bonn a bhaint de na cuspóirí beartais gaolmhara.

(3) I dTreoir 1999/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], i dTreoir 2000/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], i dTreoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] agus i dTreoir 2014/53/AE ó Pharlaimint

---

1 IO C […], […], lch. […].

2 COM(2023)168.

3 Treoir 1999/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Feabhra 1999 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bia agus comhábhair bhia arna gcóireáil le radaíocht ianúcháin (IO L 66, 13.3.1999, lch. 16).

4 Treoir 2000/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát i ndáil le hastaíocht torainn sa chomhshaol ó threalamh lena úsáid lasmuigh (IO 162, 3.7.2000, lch. 1).

5 Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm (IO L 88, 4.4.2011, lch. 45).

na hEorpa agus ón gComhairle[6], tá roinnt ceanglais tuairiscithe i réimsí an bhia agus comhábhar bia, torainn lasmuigh, ceart othar, agus trealaimh raidió.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 7(3) de Threoir 1999/2/CE, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún gach bliain torthaí na seiceálacha oifigiúla a dhéanann siad ar shaoráidí ionradaíochta ionadaíoch agus na seiceálacha a dhéantar ag céim na margaíochta táirgí. In Airteagal 7(4) de Threoir 1999/2/CE, déantar foráil go bhfoilseoidh an Coimisiún tuarascáil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit gach bliain. Déantar foráil le hAirteagal 113 agus le hAirteagal 114 de Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] go gcuirfidh gach Ballstát tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin, faoin 31 Lúnasa gach bliain, tuarascáil ina leagfar amach toradh na rialuithe oifigiúla a rinneadh an bhliain roimhe sin faoina phlean rialaithe náisiúnta ilbhliantúil (‘MANCP’). Cumhdaítear leis an bplean rialaithe náisiúnta ilbhliantúil, *inter alia*, raon feidhme Threoir 1999/2/CE. Chomh maith leis sin, déantar foráil le hAirteagal 114 de Rialachán (AE) 2017/625 go soláthróidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú rialuithe oifigiúla sna Ballstáit don phobal gach bliain agus na tuarascálacha bliantúla arna gcur isteach ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 113 den Rialachán sin á gcur san áireamh. Ós rud é go n-áirithítear cheana féin leis na hoibleagáidí tuairiscithe bliantúla a leagtar síos in Airteagal 113 agus in Airteagal 114 de Rialachán (AE) 2017/625 forfheidhmiú agus faireachán ar an reachtaíocht maidir le bianna ionradaithe agus comhábhair bhia, ba cheart an oibleagáid tuairiscithe bhliantúil chomhchosúil a leagtar síos faoi láthair i dTreoir 1999/2/CE a scriosadh chun an t-ualach riaracháin ar údaráis inniúla agus ar an gCoimisiún a laghdú.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 16 de Threoir 2000/14/CE, seolfaidh monaróirí, nó a n-ionadaithe údaraithe, cóip de dhearbhú comhréireachta CE maidir le trealamh lena úsáid lasmuigh a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin chuig údaráis na mBallstát agus chuig an gCoimisiún. Ní mór don Choimisiún na sonraí a bhailiú agus faisnéis ábhartha a fhoilsiú ar bhonn tréimhsiúil.

(6) Is féidir le tomhaltóirí teacht ar an bhfaisnéis ábhartha maidir le hastaíochtaí torainn trealaimh a chumhdaítear le Treoir 2000/14/CE go díreach ar an trealamh, toisc go ndéantar foráil le hAirteagal 4(1) den Treoir sin maidir le marcáil éigeantach torainn ar an trealamh. Dá bhrí sin, is iomarcach iad na hoibleagáidí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a leagtar síos in Airteagal 16 de Threoir 2000/14/CE doiciméadacht a sholáthar agus sonraí a bhailiú agus a fhoilsiú agus ba cheart iad a scriosadh, ar mhaithe le réasúntacht agus chun teorainn a chur le hualach riaracháin cuideachtaí agus údarás.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 20(1), pointe (a), de Threoir 2000/14/CE, cuirfidh an Coimisiún athbhreithniú ar na sonraí torainn arna mbailiú i gcomhréir le hAirteagal 16 den Treoir sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Ós rud é nach mbaileofar sonraí torainn den sórt sin a thuilleadh, ba cheart an oibleagáid sin a scriosadh freisin.

---

[6] Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62).

[7] Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

(8) I gcomhréir le hAirteagal 20(1) de Threoir 2011/24/AE, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle gach 3 bliana maidir le feidhmiú na Treorach sin. Tarraingítear go mór sa tuarascáil sin ar thuairisciú agus ar rannchuidiú na n-údarás náisiúnta inniúil. Déanfar meastóireacht ar na Líonraí Tagartha Eorpacha arna mbunú faoi Threoir 2011/24/AE gach 5 bliana mar a fhoráiltear in Airteagal 14(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2014/287/AE ón gCoimisiún[8]. Chun na ceanglais tuairiscithe agus meastóireachta a ailíniú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú don Choimisiún agus do na Ballstáit a n-iarrtar orthu faisnéis a sholáthar maidir le cur chun feidhme Threoir 2011/24/AE, ba cheart minicíocht an tuairiscithe ón gCoimisiún a athrú go dtí gach 5 bliana. Ós rud é gur foilsíodh an tuarascáil is déanaí ar fheidhmiú Threoir 2011/24/AE in 2022, ba cheart an chéad tuarascáil eile a fhoilsiú in 2027.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 47(1) de Threoir 2014/53/AE, cuirfidh na Ballstáit tuarascálacha rialta ar chur i bhfeidhm na Treorach sin faoi bhráid an Choimisiúin gach 2 bhliain ar a laghad. Tá minicíocht an tuairiscithe éigeantaigh sin níos airde ná mar is gá. Ar mhaithe le réasúntacht agus chun teorainn a chur le hualach riaracháin na mBallstát, ba cheart minicíocht an tuairiscithe éigeantaigh ó na Ballstáit a athrú go dtí gach 5 bliana, ionas go gcomhfhreagróidh sé don oibleagáid atá ar an gCoimisiúin faoi Airteagal 47(2) de Threoir 2014/53/AE tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le feidhmiú na Treorach sin. Soláthrófar leis sin don Choimisiún freisin an fhaisnéis is gá don mheasúnú atá le déanamh aige agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh aige faoi Airteagal 5(2) de Threoir 2014/53/AE lena sonrófar na catagóirí trealaimh raidió a mbaineann an ceanglas clárúcháin leo agus beidh an Coimisiún ábalta an fhaisnéis ó thuarascálacha na mBallstát a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 1999/2/CE, Treoir 2000/14/CE, Treoir 2011/24/AE agus Treoir 2014/53/AE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

***Leasuithe ar Threoir 1999/2/CE***

Leasaítear Airteagal 7 de Threoir 1999/2/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Cuirfidh gach Ballstát ainmneacha, seoltaí agus uimhreacha tagartha na saoráidí ionradaíochta atá formheasta aige, téacs an doiciméid formheasa, agus aon chinneadh lena ndéantar formheas a fhionraí nó a tharraingt siar ar aghaidh chuig an gCoimisiún.’;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Ar bhonn na sonraí arna soláthar i gcomhréir le mír 3, foilseoidh an Coimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* mionsonraí na saoráidí chomh maith le haon athrú ar a stádas.’.

[8] Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/287/AE ón gCoimisiún an 10 Márta 2014 lena leagtar amach critéir maidir le bunú agus meastóireacht líonraí tagartha Eorpacha agus a gcuid Ball agus maidir le héascaíocht a dhéanamh do mhalartú faisnéise agus saineolais faoi bhunú agus meastóireacht líonraí den sórt sin (IO L 147, 17.5.2014, lch. 79).

*Airteagal 2*
***Leasuithe ar Threoir 2000/14/CE***

Leasaítear Treoir 2000/14/CE mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 16;

(2) in Airteagal 20(1), scriostar pointe (a).

*Airteagal 3*
***Leasú ar Threoir 2011/24/AE***

In Airteagal 20 de Threoir 2011/24/AE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

> '1. Déanfaidh an Coimisiún faoin 25 Deireadh Fómhair 2027 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, tuarascáil a tharraingt suas ar fheidhmiú na Treorach seo agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle í.'.

*Airteagal 4*
***Leasú ar Threoir 2014/53/AE***

In Airteagal 47(1) de Threoir 2014/53/AE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

> 'Cuirfidh na Ballstáit tuarascálacha ar chur i bhfeidhm na Treorach seo faoi bhráid an Choimisiúin faoin 12 Nollaig 2027, lena gcumhdófar an tréimhse ón 13 Meitheamh 2023, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin.'.

*Airteagal 5,*
***Trasuí***

1. Faoin *[Nóta don OF: cuir isteach an dáta cruinn – [...] 12 mhí i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Treorach seo]* ar a dhéanaí, déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Airteagal 2, pointe (1), den Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón *[Nóta don OF: cuir isteach an dáta cruinn – [...] 12 mhí i ndiaidh theacht i bhfeidhm na Treorach seo]*.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Cuirfidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 6,*
***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 7*
***Seolaithe***

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*